www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

**ADVANCED**
**General Certificate of Education**
**2015**

# Stair

Aonad Measúnaithe A2 2

AH221

**[AH221]**
**DÉ CÉADAOIN 20 BEALTAINE, IARNÓIN**

**AM**

2 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá leis seo.
Freagair **dhá** cheist as do rogha. Freagair ceist 1 agus ceist 2. Tá rogha i gceist 2.
Taispeáin go soiléir ar do Leabhrán Freagraí cad é an rogha a rinne tú.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 70 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceist **2**.
Fiosrúchán stairiúil atá sa pháipéar seo.
Cuirtear i gcuimhne d'iarrthóirí gur chóir go dtaispeánfadh a bhfreagraí an tuiscint acu ar cad é mar a rinneadh an t-am atá thart a léirmhíniú agus a léiriú ar dhóigheanna difriúla.

www.xtrapapers.com

Freagair ceist **1 agus** ceachtar acu **2(a)** nó **2(b)**

## Rogha 4: Críochdheighilt na hÉireann 1900–1925

## Roinn A Fiosrúchán Stairiúil: measúnú agus anailísiú foinsí

Léigh na foinsí agus freagair na ceisteanna a leanann:

**Rialtas Thuaisceart Eireann 1921–1925**

### Foinse 1

Sliocht as Comhaontú Craig-Collins, 30 Márta 1922. Is comhaontú é seo a shínigh an Ridire James Craig, Príomh-Aire Rialtas Thuaisceart Éireann, agus Michael Collins, thar ceann Rialtas Sealadach Shaorstát Éireann i Londain. Rinne an Comhaontú iarracht dul i ngleic leis na fadhbanna a bhí ag Rialtas Thuaisceart Éireann i ndiaidh gur síníodh an Conradh Angla-Éireannach i mí na Nollag 1921.

1. Ón lá seo ar aghaidh glacann an dá Rialtas mar chúram orthu féin comhoibriú a dhéanamh ar gach dóigh ar a gcumas le síocháin a thabhairt ar ais sna limistéir neamhshocraithe.
2. Feidhmeoidh na póilíní i mBéal Feirste faoi dhálaí nua. Cuideoidh Coiste Comhairleach déanta de Chaitlicigh le roghnú earcaigh Chaitliceacha don Chonstáblacht Speisialta. Déanfaidh fórsaí póilíneachta, ar Caitlicigh iad a leathchuid agus ar Protastúnaigh iad a leathchuid, na cuardaigh le hairm a aimsiú.
3. Beidh deireadh le gníomhaíocht Óglaigh na hÉireann i dTuaisceart Éireann.
4. Buailfidh an dá Rialtas le chéile le haontacht na hÉireann a phlé. Má theipeann air seo, fiosróidh siad an bhfuil sé indéanta comhaontú a dhéanamh ar cheist Choimisiún na Teorann ar bhealach eile seachas tagairt a dhéanamh do Choimisiún na Teorann atá sonraithe in Alt 12 den Chonradh Angla-Éireannach.
5. Tabharfaidh Rialtas na Breataine deontas de £500,000 faoi choinne obair faoisimh, a rachaidh trian amháin de ar leas na gCaitliceach agus dhá thrian de ar leas na bProtastúnach.

### Foinse 2

Sliocht as litir ó Stephen Tallents, státseirbhíseach Briotanach, chuig an Ridire James Masterson-Smith, Rúnaí Buan ag an Oifig Coilíneach, 4 Iúil 1922. Scríobh Tallents an tuairisc rúnda seo ar Chomhaontú Craig-Collins i ndiaidh iarratas a fháil ó Rialtas na Breataine.

> Theip ar Chomhaontú Craig-Collins den chuid is mó cionn is gur phléigh sé le mioncheisteanna sula raibh na mórcheisteanna socraithe. Bhí todhchaí an Rialtais Shealadaigh neamhchinnte. Níor thug an mionlach Caitliceach aon aitheantas do Rialtas Thuaisceart Éireann. Chuir Coimisiún na Teorann leis an mhothú géarchéime, fad a bhí méadú i ngníomhaíocht Óglaigh na hÉireann. Bhí lucht tacaíochta Craig ag doicheall go mór roimhe nuair a d'fhill sé ar Bhéal Feirste, ar an ábhar gur thug an Comhaontú cuireadh do Collins a bheith ag feidhmiú mar ionadaí ar an mhionlach Chaitliceach i gcríoch rialtas eile. Spreag na B-Speisialtaigh, a thug Craig ar an tsaol, an searbhas céanna i measc na gCaitliceach agus a rinne na Dúchrónaigh. Cheap Craig an Ginearál Solly-Flood, saighdiúir nach raibh taithí

www.xtrapapers.com

póilíneachta ar bith aige, ina "Chomhairleoir Míleata". Dealraíonn sé nach bhfuil Dawson Bates, an tAire Gnóthaí Baile, inchurtha leis an ócáid. Ba chóir bata agus bóthar a thabhairt dó, ach tacaíonn Craig go mór leis.

**Foinse 3**

Sliocht as Patrick Buckland, *James Craig*, arna fhoilsiú in 1980. Measúnaíonn Buckland freagairt an Ridire James Craig ar na fadhbanna a bhí ag Tuaisceart Éireann idir 1921 agus 1925.

> Ní dhearna Craig aon iarracht leanúnach na fadhbanna a bhí ag Tuaisceart Éireann a shárú agus rinne sé cuid acu níos measa fiú. Bhí fadhbanna a bhain le foréigean, le geilleagar lag agus le sochaí scoilte os a chomhair. Dá mbeadh Tuaisceart aontaithe sona sásta le bheith ann, mar ba mhian le Craig, bhí sé riachtanach go nglacfadh Caitlicigh le Tuaisceart Éireann. Rinneadh an tasc seo níos deacra, áfach, mar gheall ar sheicteachas an Tuaiscirt agus gníomhartha an Rialtais Theas a dhaingnigh naimhdeas na gCaitliceach don Rialtas Thuaidh. Chiallaigh mothú an tseicteachais go bhféadfadh géilleadh ar bith don mhionlach ar mhórcheisteanna cosúil le hoideachas lucht tacaíochta Aontachtach Craig a chur ina éadan go furasta.

1 (a) **Léigh na foinsí uilig agus déan machnamh ar do chuid eolais ar an tréimhse**.
Cé acu de na foinsí ba luachmhaire ag staraí mar fhianaise i staidéar ar Rialtas Thuaisceart Éireann sa tréimhse 1921–1925? [15]

(b) **Bain úsáid as na foinsí uilig agus as fianaise eile a ndearna tú staidéar uirthi**.
Cé chomh mór agus a thacaíonn na foinsí leis an tuairim go raibh an Ridire James Craig freagrach as na fadhbanna a bhí ag Rialtas Thuaisceart Éireann sa tréimhse 1921–1925? [20]

## Roinn B Fiosrúchán Stairiúil: Léirmhínithe

2 **Ceachtar acu**

**(a)** "Níorbh é príomhchuspóir lucht diúltaithe don Tríú Bille um Rialtas Dúchais cosc a chur le Rialtas Dúchais d'Éirinn ach leas Aontachtaithe Uladh a chaomhnú." Cé chomh mór agus a ghlacfá leis an bhreithiúnas seo ar Ghéarchéim an Rialtais Dúchais sa tréimhse go dtí mí Mheán Fómhair 1914? Bain úsáid as fianaise ábhartha a ndearna tú staidéar uirthi lena n-áirítear léirmhínithe comhaimseartha agus léirmhínithe ina dhiaidh le tacú le do fhreagra. [35]

**Nó**

**(b)** "Is é cumas Shinn Féin buntáiste a bhreith ar na meancóga a rinne Rialtas na Breataine i ndiaidh 1914 an t-aon chúis amháin lena rath in Olltoghchán mhí na Nollag 1918." Cé chomh mór agus a d'aontófá leis an ráiteas seo? Bain úsáid as fianaise ábhartha a ndearna tú staidéar uirthi lena n-áirítear léirmhínithe comhaimseartha agus léirmhínithe ina dhiaidh le tacú le do fhreagra. [35]

www.xtrapapers.com

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.